Sceimhle sa Fhrainc

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bhFrainc, tar éis na ndúnmharuithe an tseachtain seo caite. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin gcartún seo leis an duine in aice leat:

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

Jewish locations	_____
Israeli Prime Minister	_____
siege	_____
20 people	_____
as well as the army	_____
terror	_____
many discussions	_____
massacre	_____
who went on the run (*bean*)	_____
Palestinian President	_____
referendum	_____
blasphemy	_____

Féach ar an tuairisc le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth ar luadh na huimhreacha: 10,000 / 5,000 / 700?
2. Cad a léiríonn na pictiúir a d'fhoilsigh rialtas na Fraince inniu?
3. Cén t-eolas a thugtar sa mhír faoi Hayat Boumeddiene?
4. Cad a bhí le rá ag an Taoiseach ag deireadh na míre?

Ceist 4 Éist leis an tuairisc arís agus féach ar an bpictiúr seo thíos. Níl an dá fhoinse ag teacht le chéile, cén fáth?

Is é BiBi Netanyahu an dara duine ar chlé agus is é Uachtarán Abbas na bPalaistíneach an dara duine ar dheis.

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na hainmfhocail seo ó www.foclóir.ie. Bainigí úsáid as na samplaí chun an difríocht idir tréaniolraí agus lagiolraí a mhíniú.

cat, *m*. (gs. & npl. cait, gpl. ~). 1. *Cat*. ~ baile, *tame, domestic, cat*.

cathair1, *f*. (gs. -thrach, pl. -thracha). 1. *City*. Lucht cathrach, *city people*.

Ceist 6 '…*anuas ar*…'

✓ Líon na bearnaí sna habairtí:

Tá sé ag dul suas, anois tá sé _____ agus beidh sé ag teacht _____ ar ball.

Tá sí ag dul _____, anois tá sí thíos agus beidh sí ag teacht _____ ar ball.

Chuaigh sé _____ sa teach agus nuair a bhí sé istigh chonaic sé an cat.

Chuaigh sí amach sa ghairdín agus nuair a bhí sí _____ thit sí i laige.

✓ Cuir na focail seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

anuas ar
ag fás aníos
a bheith suas le duine
thíos le

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2

Jewish locations	*láithreacha Giúdacha*
Israeli Prime Minister	*Príomh-Aire Iosrael*
siege	*léigear*
20 people	*scór*
as well as the army	*anuas ar an arm*
terror	*sceimhle*
many discussions	*cur agus cúiteamh go leor*
massacre	*sléacht*
who went on the run (*bean*)	*a chuaigh ar a teitheadh*
Palestinian President	*Uachtarán na Palaistíne*
referendum	*reifreann*
blasphemy	*diamhasla*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Deirtear sa mhí nár fhreastail Netanyahu ar an mórshiúl Dé Domhnaigh (Níor tháinig an Príomh-Aire as Iosrael go dtí inniu), ach is léir ón ngrianghraf go raibh sé i láthair.

Ceist 5
cat, m. (gs. & npl. cait, gpl. ~).
Ciallaíonn gpl. ~ sa sampla sin go bhfuil lagiolra ag an ainmfhocal ***cat***, mar tá an fhoirm chéanna i gceist sa tuiseal ginideach iolra agus sa tuiseal ainmneach uatha.

cathair1, f. (gs. -thrach, pl. -thracha). 1. City.
Níl ach aon iontráil amháin den ainmfhocal ***cathair*** san iolra sa sampla thuas, rud a chiallaíonn go bhfuil an leagan céanna den ainmfhocal sa tuiseal ainmneach iolra agus sa tuiseal ginideach iolra. Tréaniolra a thugtar ar an gcineál iolra sin.

Tá lagiolra ag ainmfhocail (i) a chríochaíonn ar chonsan caol san iolra nó (ii) má chuirtear 'a' leis an ainmfhocal chun an t-iolra a chumadh. Bíonn tréaniolra ag na hainmfhocail eile ar fad.

Ceist 6
Tá sé ag dul **suas**, anois tá sé **thuas** agus beidh sé ag teacht **anuas** ar ball.
Tá sí ag dul **síos**, anois tá sí **thíos** agus beidh sí ag teacht **aníos** ar ball.
Chuaigh sé **isteach** sa teach agus nuair a bhí sé **istigh** chonaic sé an cat.
Chuaigh sí **amach** sa ghairdín agus nuair a bhí sí **amuigh** thit sí i laige.

- anuas ar – as well as
- ag fás aníos – growing up
- a bheith suas le duine – handle, deal with someone
- thíos le – to take the hit for, suffer from something

Eimear Ní Chonaola
Thar lear tá Rialtas na Fraince ag cur go mór le beartais shlándála[1] agus tá saighdiúirí seolta go dtí láithreacha Giúdacha agus láithreacha móra turasóireachta ar fud na tíre. Ar maidin thug Príomh-Aire Iosrael cuairt ar an siopa Giúdach ar maraíodh ceathrar sa léigear an tseachtain seo caite.

Maolra Mac Donnchadha
Deich míle saighdiúir atá seolta amach i bPáras agus in áiteacha[2] eile ar fud na Fraince tar éis uafás na seachtaine seo caite nuair a bhásaigh scór. Anuas ar an arm, tá cúig mhíle oifigeach póilíneachta agus gunnaí acu le cur ar garda ag chuile cheann den seacht gcéad scoil Ghiúdach sa tír.

Tá pictiúir foilsithe inniu ag an rialtas don bhealach ar cuireadh deireadh leis an sceimhle nuair a maraíodh na dearthóireacha Kouachi agus Amedy Coulibaly, an té a mharaigh banphoilín agus an lá dar gcionn ceathrar Giúdach in ollmhargadh caisir. Tá cur agus cúiteamh go leor nach raibh na húdaráis ar an eolas faoin sléacht a bhí le teacht[3], cé go raibh amhras go leor faoi lucht na n-ionsaithe. Tá físeán faighte freisin de bhean chéile Coulibaly, Hayat Boumeddiene, a chuaigh ar a teitheadh as an bhFrainc sular tharla an sléacht a deirtear anois. Chuaigh sí anonn go dtí an Tuirc deich lá ó shin agus as sin go dtí an tSiria.

I bPáras, bhí BiBi Netanyahu ar cuairt ar an siopa inár maraíodh an ceathrar. Deir an nuachtán *Haaretz* in Iosrael gur iarr François Hollande air gan a bheith i láthair inné ag an ollmháirseáil. Dúirt Hollande, is cosúil, dá dtiocfadh sé go gcaithfí cuireadh a thabhairt d'Uachtarán Abbas na Palaistíne. Níor tháinig an Príomh-Aire as Iosrael go dtí inniu.

Níos gaire do bhaile, tar éis filleadh ón mórshiúl sin, tá an Taoiseach tar éis a rá nach mbeidh reifreann am ar bith i mbliana ar an diamhaslú[4] atá sa mBunreacht[5].

Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

[1] *bearta slándála* an téarma oifigiúil atá ag www.focal.ie ar *security measures*.
[2] *áiteanna* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *le theacht* a deirtear
[4] *diamhasla* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[5] *sa mBunreacht* atá i gcanúint Chonnacht, *sa Bhunreacht* atá sa Chaighdeán Oifigiúil.